


# GCSE



## Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe GCSE CCEA Stair

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017  
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019  
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019

Cód Ábhair: 4010



# Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCSE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagairtí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceistanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCSE.

Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht Stair GCSE CCEA.



# Stair GCSE

## Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

### Clár Ábhair

<b>Páipéir Shamplacha</b>	<b>3</b>
Aonad 1: Grinnstaidéar ar an Domhan Nua-aoiseach agus Staidéar Áitiúil	3
Aonad 2: Staidéar Imlíne	19
<b>Scéimeanna Marcála</b>	<b>31</b>
Treoracha Ginearálta Marcála	33
Aonad 1: Grinnstaidéar ar an Domhan Nua-aoiseach agus Staidéar Áitiúil	37
Aonad 2: Staidéar Imlíne	51

Cód Ábhair	4010
QAN	603/0772/9
Foilseachán CCEA © 2017	

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

**PÁIPÉIR SHAMPLACHA**

**ROINNTEOIR TOSAIGH**

**PÁIPÉIR SHAMPLACHA**

**ROINNTEOIR CÚIL**





Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education  
2018

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

# Stair

Aonad 1:  
Grinnstaidéar ar an Domhan Nua-aoiseach  
agus Staidéar Áitiúil

[CÓD]

## PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 45 nóiméad.

### TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo agus ar leathanaigh breise ar bith.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo – b'fhéidir go mbeidh níos mó spáis ann ná atá de dhíth ort.

Freagair **gach ceann** de na ceisteanna as do rogha i Roinn A agus **gach ceann** de na ceisteanna as do rogha i Roinn B.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **80** an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **3, 4** agus **5** i Roinn A agus i gceist **6** i Roinn B.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin

#### Roinn A

Uimhir Ceiste	Marcanna
---------------	----------

1

2

3

4

5

#### Roinn B

1

2

3

4

5

6

Marcanna Iomlána	
------------------	--

## Roinn A

Freagair **gach** cheist as **do rogha**.

### Leathanaigh

**Rogha 1:** An Saol i nGearmáin na Naitsithe 1933–1945

5–8

## Roinn A

### Rogha 1: An Saol i nGearmáin na Naitsithe , 1933–1945

Freagair **gach** ceist

- 1 Tá liosta thíos de dhaoine a raibh baint acu le Deachtóireacht na Naitsithe:

Reinhard Heydrich	An Dr Robert Ley	Martin Niemöller	Paul von Hindenburg	Josef Goebbels
-------------------	------------------	------------------	---------------------	----------------

Meaitseáil **gach** duine leis an chur síos cheart agus scríobh do fhreagra sa spás chuige sin. Tá an chéad cheann déanta.

- (a) Uachtarán na Gearmáine roimh Hitler Paul von Hindenburg
- (b) Aire Bolscaireachta na Naitsithe \_\_\_\_\_ [1]
- (c) Ceannaire Fronta Saothair na Gearmáine \_\_\_\_\_ [1]
- (d) Ceannaire an Gestapo \_\_\_\_\_ [1]
- (e) An ministir Protastúnach a chuir in éadan na Naitsithe \_\_\_\_\_ [1]

- 2 Cuir síos ar **dhá** dhóigh inar athraigh saol na mban i nGearmáin na Naitsithe idir 1933 agus 1939.

1 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [3]

2 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna Athmharc







## **Roinn B**

Freagair **gach** cheist as **do rogha**.

### **Leathanaigh**

**Rogha 2:** Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–1998 10–16

## Roinn B

### Rogha 2: Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–1998

Freagair **gach** ceist

- 1 Déan staidéar ar **Foinse A** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse A: Bean tí Phrotastúnach ag caint in 1969 faoi fheachtas na gcearta sibhialta**

Ba é na Caitlicigh siúd agus na Caitlicigh seo, tús agus deireadh fheachtas na gcearta sibhialta, iad beo bocht agus muidne ag déanamh buannaíochta orthu. D’amharc muid thart orainn féin agus arsa muid, “Cad é air a bhfuil siad ag caint? Cad é fá dtaobh dínne? Agus an taisleach ar na ballaí againn, níl ár gcuid tithe oiriúnach le cónaí iontu.”

©“History for CCEA GCSE” le Finbar Madden, Hodder Education, 2009.

**Ag baint úsáid as Foinse A agus as d’eolas comhthéacsúil**, tabhair fáth amháin a mhíníonn an dearcadh a bhí ag cuid de na Protastúnaigh ar fheachtas na gcearta sibhialta i dTuaisceart Éireann.

---

---

---

---

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc









- 5 (a) Ainmnigh ceannaire Pháirtí Shóisialta agus Dhaonlathaigh an Lucht Oibre (*SDLP*) i dTuaisceart Éireann sna 1980idí.

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Tabhair fáth **amháin** ar tháinig Arm na Breataine go sráideanna Thuaisceart Éireann in 1969.

\_\_\_\_\_ [1]

- (c) Luaigh iarmhairt **amháin** ar imtheorannú a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann in 1971.

\_\_\_\_\_ [1]

- (d) Cuir síos ar fháth **amháin** ar chuir aontachtaithe in éadan Chomhaontú Angla-Éireannach 1985.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc





---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

## **LEATHANACH BÁN**





Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education  
2019

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

# Stair

## Aonad 2: Staidéar Imlíne

[CÓD]

## PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 15 nóiméad.

### TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo agus ar leathanaigh breise ar bith.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo - b'fhéidir go mbeidh níos mó spáis ann ná atá de dhíth ort.

Freagair **gach** ceist i Roinn A agus dhá cheist as Roinn B.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **6(a)** nó **6(b)** i Roinn B.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
<b>Marcanna iomlána</b>	



- 2 Déan staidéar ar **Foinse B** agus ar **Foinse C** thíos agus freagair na ceistanna a leanann:

**Foinse B: Dearcadh pholaiteora Mheiriceánaigh ag caint sa bhliain 2015 ar ionradh SAM ar an Iaráic sa bhliain 2003**

Glacaim leis go ndearna Rialtas Bush meancóga millteanacha le linn Chogadh na hIaráice, cé go seasaim go fóill leis an chinneadh ionradh a dhéanamh ar an Iaráic. Chreid cuid mhór saineolaithe faisnéise go raibh airm cheimiceacha ag na hIarácaigh ina seilbh agus go mbainfeadh siad úsáid astu inár n-éadan agus in éadan a muintire féin.

*Arna chur in oiriúint ó © 2016 NBCnews.com*

**Foinse C: Dearcadh chartúnaí a bhí in éadan ionradh SAM ar an Iaráic sa bhliain 2003**



© Carlos Latuff

- (a) Tugann **Foinse B** agus **Foinse C** dearcthaí éagsúla faoi na fáthanna le hionradh SAM ar an Iaráic sa bhliain 2003.

Mínigh **dhá** dhóigh ar a n-easaontaíonn na dearcthaí seo.

1 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

2 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [2]

(b) Mínigh fáth **amháin** a bhfuil difear idir na dearcthaí i **bhFoinse B** agus i **bhFoinse C**.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_ [2]

3 Déan staidéar ar **Foinse D** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse D: Dearcadh Tony Blair agus é ag caint in agallamh teilifíse sa bhliain 2015. Ba é an Príomh-Aire nuair a rinne an Bhreatain ionradh ar an Iaráic sa bhliain 2003.**

Is féidir liom a rá go ngabhaim leithscéal go raibh an fhaisnéis a fuair mé ar an Iaráic contráilte. Cé gur bhain Saddam Hussein úsáid as airm cheimiceacha in éadan a mhuintire féin agus in éadan daoine eile, ní raibh airm ollscriosta aige. Dá ainneoin sin, is deacair liom leithscéal a ghabháil as fáil réitithe de Saddam Hussein. Inniu féin, sa bhliain 2015, sílim gur fearr nach bhfuil sé i gcumhacht. Ba chuid dár gcogadh in éadan na sceimhlitheoireachta ionradh na hIaráice.

*Arna chur in oiriúint ó © 1996-2016 The Washington Post*

Cad é chomh hinchreidte agus atá an dearcadh i **bhFoinse D** ar na fáthanna le hionradh na Breataine ar an Iaráic sa bhliain 2003?

Mínigh do fhreagra ag baint úsáid as **Foinse D** agus as **d'eolas comhthéacsúil**.

\_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_





## Roinn B

Freagair ceist 5 agus ceist 6(a) nó ceist 6(b)

5 Cuir síos ar dhá thoradh ar Ghéarchéim Dhiúracán Chúba.

1 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

2 \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

Freagair ceist 6(a) nó ceist 6(b)

### Ceachtar acu

6 (a) Cad é mar a d'fhreagair APSS do chur in éadan a chumhachta in Oirthear na hEorpa sna 1950idí agus sna 1960idí?

Bain úsáid as na treoracha seo a leanas i do fhreagra.

**Caithfidh** tú úsáid a bhaint as eolas de do chuid féin fosta.

- Éirí Amach na hUngaire, 1956
- Easaontais faoi Bheirlín, 1959 – 61
- An tSeicslóvaic, 1968 – 'Earrach Phrág'

[22]

### Nó

(b) Cad é mar a d'athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS sna blianta 1945–1956?

Bain úsáid as na treoracha seo a leanas i do fhreagra.

**Caithfidh** tú úsáid a bhaint as eolas de do chuid féin fosta.

- Teip an chomhaontais a bhí ann le linn an chogaidh
- Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–49
- Eachtraí sna 1950idí

[22]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna Athmharc











---

## **SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

**SCÉIMEANNA MARCÁLA  
ROINNTEOIR TOSAIGH**

## **SCÉIMEANNA MARCÁLA ROINNTEOIR CÚIL**



**General Certificate of Secondary Education**

---

**Stair**

---

**TREORACHA GINEARÁLTA  
MARCÁLA**

---

## Treoracha Ginearálta Marcála

### *Intreoir*

Is é cuspóir na scéimeanna marcála a chinntiú go marcáiltear scrúduithe GCSE go comhsheasmhach agus go cothrom. Sna scéimeanna marcála, tugtar léiriú do scrúdaitheoirí ar chineál agus ar réimse de fhreagairtí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach iontu fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagairtí iarrthóirí. Ba chóir na scéimeanna marcála a léamh i gcomhar leis na treoracha ginearálta marcála seo.

### *Cuspóirí Measúnaithe*

Thíos tá cuspóirí measúnaithe don Stair GCSE.

Ní mór d'iarrthóirí:

- CM1** eolas agus tuiscint a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi;
- CM2** míniú agus anailís a dhéanamh ar eachtraí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag úsáid coincheapa stairiúla den dara hord lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, brí, comhchosúlacht agus éagsúlacht; agus
- CM3** foinsí a anailísiú, a luacháil agus a úsáid (comhaimseartha don tréimhse seo) le breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh, i gcomhthéacs na n-eachtraí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu; agus
- CM4** breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh agus anailís agus luacháil a dhéanamh orthu siúd (a chuimsíonn an dóigh agus an fáth ar féidir le léirmhínithe difriúla a bheith ann) i gcomhthéacs na n-eachtraí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu.

### *Caighdeán fhreagairtí na n-iarrthóirí*

Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagra a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ag dalta 16 bliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCSE.

### *Solúbthacht sa mharcáil*

Níltear ag dúil le scéimeanna marcála bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagra a thabharfadh iarrthóir a chlúdach. I gcás freagairtí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Maoirseachta.

### *Marcáil dhearfach*

Moltar do scrúdaitheoirí a bheith dearfach agus iad ag marcáil agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagairt atá chomh maith is a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCSE 16 bliana d'aois.

### *Gan aon mharc a bhronnadh*

Is ar fhreagairtí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá go huile agus go hiomlán contráilte nó míchuí.



### ***Cineálacha scéimeanna marcála***

Marcáiltear ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagra sínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagraí a chuireann san áireamh cáilíocht na cumarsáide scríofa.

Maidir le ceisteanna eile nach bhfuil de dhíth iontu ach freagraí gairide, marcáiltear iad ar bhonn pointe ar phointe agus bronntar marcanna as gach píosa bailí eolais a thugtar.

### ***Leibhéil freagartha***

Ceisteanna a éilíonn ar iarrthóirí scríbhneoireacht shínte mar fhreagairt, déantar iad a mharcáil i dtéarmaí leibhéil freagartha. Agus cinneadh á dhéanamh acu ar an leibhéal freagartha atá le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le léidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn siad ag socrú cén marc atá le bronnadh taobh istigh de leibhéal ar leith ar fhreagairt ar bith, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid. D'fhonn cuidiú le scrúdaitheoirí atá an treoir a leanas.

- **Feidhmíocht tairsí:** Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag bun an raoin nó in aice leis sin.
- **Feidhmíocht idirmheánach:** Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi i lár an raoin nó in aice leis sin.
- **Ardfeidhmíocht:** Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos leibhéil agus ar chóir marc a bhronnadh uirthi ag barr an raoin nó in aice leis sin.

### ***Caighdeán na cumarsáide scríofa***

Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa (CCS) san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na tascanna agus na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

### ***Treoracha do scrúdaitheoirí:***

**I gcás ceisteanna ina bhfuil trí leibhéal freagartha in úsáid le measúnú a dhéanamh orthu tá na tuairiscíní CCS seo a leanas le húsáid:**

#### **Leibhéal 1**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

#### **Leibhéal 2**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

#### **Leibhéal 3**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

## **I gcás ceisteanna ina bhfuil ceithre leibhéal freagartha in úsáid le measúnú a dhéanamh orthu tá na tuairiscíní CCS seo a leanas le húsáid:**

### **Leibhéal 1**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna bunúsacha i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire, struchtúr agus eagrú na smaointe in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### **Leibhéal 2**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht den mhórchuid agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair ar dhóigh struchtúrtha. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### **Leibhéal 3**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le beachte den mhórchuid.

### **Leibhéal 4**

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.



*Rewarding Learning*

**General Certificate of Secondary Education  
2018**

---

## **Stair**

Aonad 1:  
Grinnstaidéar ar an Domhan Nua-aoiseach  
agus Staidéar Áitiúil

**[CÓD]**

**PÁIPÉAR SAMPLACH**

---

**SCÉIM MHARCÁLA**

**Rogha 1: An Saol i nGearmáin na Naitsithe, 1933–1945**

Tá na mionsonraí sa scéim mharcála mar **threoir don scrúdaitheoir** agus níltear ag súil go gcumhdóidh iarrthóirí **gach** pointe a mholtar.

- 1 Sprioc CM1:** eolas a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi.

Tá liosta thíos de dhaoine a raibh baint acu le Deachtóireacht na Naitsithe:

Reinhard Heydrich	An Dr Robert Ley	Martin Niemöller	Paul von Hindenburg	Josef Goebbels
-------------------	------------------	------------------	---------------------	----------------

Meitseáil **gach** duine leis an chur síos cheart agus scríobh do fhreagra sa spás chuige sin. Tá an chéad cheann déanta.

- (a) Uachtarán na Gearmáine roimh Hitler  
**Paul von Hindenburg**
- (b) Aire Bolscaireachta na Naitsithe  
**Josef Goebbels** [1]
- (c) Ceannaire Fronta Saothair na Gearmáine  
**An Dr Robert Ley** [1]
- (d) Ceannaire an Gestapo  
**Reinhard Heydrich** [1]
- (e) An ministir Protastúnach a chuir in éadan na Naitsithe  
**Martin Niemöller** [1]

4

Marc amháin do gach freagra ceart.

Bronntar **[0]** mura bhfuil freagra ar bith ceart.

- 2** Cuir síos ar **dhá** dhóigh inar athraigh saol na mban i nGearmáin na Naitsithe idir 1933 agus 1939.

**Sprioc CM1:** eolas agus tuiscint a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

In ann dóigh **amháin** a shainaithint gan cur síos ar bith **[1]**  
Mar shampla, gríosáíodh mná leis an oiread páistí agus ab fhéidir a bheith acu.

In ann dóigh **amháin** a shainaithint le cur síos teoranta **[2]**  
Mar shampla, tairgeadh gradaim mar Chros an Mháithreachais le mná a ghríosú le teaghlaigh mhóra a bheith acu.

In ann dóigh **amháin** a shainithint le cur síos mionsonraithe [3]  
Mar shampla, tairgeadh gradaim mar Chros na Máthar le mná a ghríosú leis an oiread páistí agus ab fhéidir a bhreith. Bhí leibhéil éagsúla de Chros na Máthar ann, ag brath ar an méid páistí a bhí ag an bhean. D'fhéach na Naitsithe fosta le mná a ghríosú le níos mó páistí a bheith acu trí chánacha níos ísle agus sochair mhéadaithe stáit a thairgeadh do mháithreacha.

Na critéir a chur i bhfeidhm ar gach dóigh

Aon phointe eile bailí [6]  
(2 × [3])

6

- 3 Tá dhá mhodh thíos ar bhain na Naitsithe úsáid astu le géarleanúint a dhéanamh ar Ghiúdaigh idir 1939 agus 1945.

Roghnaigh modh **amháin** agus mínigh cad é mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar shaol na nGiúdach.

Einsatzgruppen	Geiteonna
----------------	-----------

**Spríoc CM1 agus CM2:** eolas agus tuiscint a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord: iarmhairt.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é [0]

### Leibhéal 1 ([1]–[2])

Ráitis ghinearálta gan mórán ábhair shainiúil a bheidh sna freagraí. Is ráitis gan bhunús tráchtanna faoin mhodh a roghnaíodh nó tráchtanna a d'fhéadfadh cur síos ar cheachtar acu.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### Leibhéal 2 ([3]–[4])

Cuirfidh na freagraí cur síos níos mionsonraithe ar fáil agus tairgfidh siad míniú agus anailís áirithe ar éifeachtaí an mhodha a roghnaíodh. Tugann iarrthóirí cuntas ar an mhodh ach níl forbairt déanta ar an dóigh a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar na Giúdaigh.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### Leibhéal 3 ([5]–[6])

Beidh na freagraí eolach agus cuirfidh siad míniú agus anailís bheacht,

dhea-fhorbartha ar fáil ar an dóigh a ndeachaigh an modh a roghnaíodh i bhfeidhm ar na Giúdaigh. Léiríonn iarrthóirí tuiscint ar éifeachtaí an mhodha.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

### **Einsatzgruppen**

- Le linn ionradh na Naitsithe ar an Pholainn agus ar APSS, loisc an Einsatzgruppen bailte agus sráidbhailte agus chuir siad na mílte duine chun báis, ar Ghiúdaigh a mbunús.
- Bhíothas ag díriú ar aosaigh fhireanna ach, faoi Lúnasa 1941, leathnaíodh seo le pobal uile na nGiúdach a chuimsiú.
- Ba mhinic a sainaithníodh Giúdaigh ag brathadóirí. Tugadh ansin go láithreacha báis iad, áit a raibh trinsí déanta réidh cheana féin.

### **Geiteonna**

- Cuireadh Giúdaigh Pholannacha isteach i ngeiteonna i mbailte in Oirthear na Polainne. Bhí plódú coitianta agus bhí easpa sláintíochta ann, rud ba chúis le galair mar thifeas scaipeadh go gasta.
- Fágadh na Giúdaigh sna geiteonna ar ghanntanas bia d'aon turas. Fuair na mílte bás den ocras agus den ghorta.
- Dá bharr sin, d'fhorbair frithbheartaíocht armtha Ghiúdach i ngach geiteo mór, ach sa bheag.

Aon phointe eile bailí

[6]

6

- 4** Cad é mar chuaigh an chiondáil i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine idir 1939 agus 1945?

**Spríoc CM1 agus CM2:** eolas agus tuiscint a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord: iarmhairt.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

### **Leibhéal 1 ([1]–[2])**

Beidh na freagraí doiléir, ginearálaithe, gan míniú ar an dóigh a ndeachaigh an chiondáil i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine, ach ar éigean.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú

ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### **Leibhéal 2 ([3]–[5])**

Beidh na freagraí níos mionsonraithe le hanailís áirithe ar an dóigh a ndeachaigh an chiondáil i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine. Féadfaidh easnaimh agus easpa fócais ar an mhíniú a bheith ann.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### **Leibhéal 3 ([6]–[8])**

Beidh na freagraí eolach agus cuirfidh siad míniú agus anailís bheacht, dhea-fhorbartha ar fáil ar an dóigh a ndeachaigh an chiondáil i bhfeidhm ar mhuintir na Gearmáine.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

### **Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Tugadh isteach ciondáil feola, aráin, saille, siúcra agus caife thacair sa bhliain 1939. Tugadh ciondáil éadaí isteach sa bhliain 1939 fosta. Ní raibh earraí mar shópa agus páipéar leithris ar fáil níos mó agus níor ceadaíodh uisce te ach dhá lá sa tseachtain.
- Tugadh ciondálacha breise d'oibrithe sna tionscail throma mar mhianadóireacht, do mhná a bhí ag iompar clainne agus do dhaoine eile mar dheontóirí fola.
- Bhí rath ar an mhargadh dhubh agus b'fhurasta bia, só-éadaí agus earraí mar chumhrán a fháil.
- Chiallaigh an ganntanas earraí go raibh earraí ar taispeánt i bhfuinneoga cuid mhór siopaí mar 'mhaisiúchán amháin' agus chiallaigh an ganntanas bainne gur thaispeáin déirithe rónna de bhuidéil bhainne a bhí líonta de shalann bhán le cuma a chur orthu go raibh bainne iontu.
- Cuireadh ciondáil éadaí ar fionraí sa bhliain 1943 agus cuireadh táirgeadh éadaí shibhialta ar fionraí. Bunaíodh ionaid mhalartaithe ionas gurbh fhéidir le daoine éadaí agus troscán a mhalartú.
- Sa dá mhí dhéag dheireanacha den chogadh, ní raibh cártaí ciondála á n-onórú níos faide agus bhí ganntanais bhia agus éadaí ann dáiríre.

Aon phointe eile bailí

[8]

8

- 5 'Níor éirigh le hiarrachtaí na Naitsithe saol na n-oibrithe agus na ndaoine dífhostaithe a fheabhsú.' An aontaíonn tú leis seo?

Mínigh do fhreagra.

**Spríoc CM1 agus CM2:** eolas agus tuiscint a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord: leanúnachas agus athrú.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é [0]

### **Leibhéal 1 ([1]–[4])**

Cuirfidh freagraí síos go simplí ar an ráiteas ar dhóigh ghinearálaithe ag baint úsáid as buneolas fíorasach. Cuirfidh freagraí bunphointí ar fáil ag tacú leis an ráiteas nó le dearcadh malartach. Féadfaidh iarracht a bheith ann teacht ar bhreithiúnas ach beidh sé gan taca.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna bunúsacha i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire, struchtúr agus eagrú na smaointe in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### **Leibhéal 2 ([5]–[8])**

Luafaidh freagraí rogha den ráiteas nó de bhreithiúnas eile ach ní bheidh ach forbairt theoranta déanta ar an dearcadh mhalartach. Os a choinne sin, féadfaidh freagraí argóintí bunúsacha a chur chun tosaigh ar son réimse tuairimí a bhfuil baint acu leis an ráiteas, rud a léiríonn tuiscint bhunúsach. Beidh dearmaid eolais ann.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht den mhórchuid agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair ar dhóigh struchtúrtha. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### **Leibhéal 3 ([9]–[12])**

Cuirfidh freagraí freagairt níos cothroime ar fáil, ag tairgeadh argóinte mionsonraithe ar son an ráitis agus ar son dearcaidh mhalartaigh, cé go bhféadfaidh dearmaid eolais a bheith ann. Beidh breithiúnas le tacaíocht sna freagraí.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna i roghnú agus in eagrú ábhair. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le beachte den mhórchuid.

### **Leibhéal 4 ([13]–[16])**

Cuirfidh freagraí measúnú iomlán ar an ráiteas ar fáil le freagairt eolach, chothrom a thairgeadh. Tiocfaidh freagraí ar bhreithiúnas i dtaca le fiúntas an ráitis de, le tacaíocht ó réasúnaíocht leanúnach agus ó



fhianaise staire.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

#### **Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Bunaíodh an RAD agus b'éigean do gach fear 18 – 25 bliana d'aois a bheith páirteach ann. B'éigean dóibh obair a dhéanamh don rialtas, ar nós bóithre a dhéanamh agus crainn a chur, ar fhíorbheagán airgid. Bhain seo de chlár na ndaoine dífhostaithe iad agus chuir sé saothar saor ar fáil do chlár thógala stáit.
- Tairgeadh dreasachtaí d'oibrithe sa chlár Neart Trí Lúcháir (KDF), m.sh. saoire shaor, ticéid phictiúrlainne/amharclainne saora. Tairgeadh seans d'oibrithe fosta Volkswagen Beetle a cheannacht. D'íoc siad 5 mharg sa tseachtain go raibh 750 marg íoctha. Ina dhiaidh sin, ní bhfuair oiread agus oibrí amháin carr.
- Tugadh ar mhná pósta imeacht ón ionad oibre agus briseadh cuid mhór Giúdach as a bpost. Níor cláraíodh mar dhaoine dífhostaithe iad.
- Tugadh coinscríobh isteach, a chruthaigh cuid mhór post nua. Faoin bhliain 1939 bhain seo thar 1 milliún fear de chlár na ndaoine dífhostaithe. Chruthaigh caiteachas méadaithe an stáit ar atharmáil poist do na mílte i dtionscal na harmadóireachta.
- Cuireadh deireadh le ceardchumann agus cuireadh an DAF ina n-áit. B'éigean do gach oibrí dul sa DAF. Ní thioctadh leo dul ar stailc ar mhaithe le pá agus coinníollacha níos fearr, agus in amanna cuireadh cosc orthu dul chuig post a raibh pá níos fearr ag dul leis. B'éigean d'oibrithe níos mó uaireanta a oibriú agus ní raibh cead acu a bpost a fhágáil gan cead lena chinntiú gur fhan a oiread agus ab fhéidir acu i bhfostaíocht.
- Tugadh Áilleacht an tSaothair isteach le ionaid oibre a fheabhsú le rudaí mar shoilsiú níos fearr agus áiseanna níos áine.

**Is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas. Ach, má tá ardmharc Leibhéil 4 le bronnadh, caithfear breithiúnas lántacaithe a dhéanamh ar cé acu a d'éirigh le hiarrachtaí na Naitsithe saol na n-oibrithe agus na ndaoine dífhostaithe a fheabhsú nó nár éirigh.**

Aon phointe eile bailí

[16]

16

## Rogha 2: Caidrimh Ag Athrú: Tuaisceart Éireann agus a Chomharsana, 1965–1998

MARCANNA  
AR FAIL

Tá na mionsonraí sa scéim mharcála mar **threoir don scrúdaitheoir** agus níltear ag súil go gcumhdóidh iarrthóirí **gach** pointe a mholtar.

### 1 Déan staidéar ar Fhoinse A

**Ag baint úsáid as Foinse A agus as d’eolas comhthéacsúil**, tabhair fáth **amháin** a mhíníonn an dearcadh a bhí ag cuid de na Protastúnaigh ar fheachtas na gcearta sibhialta i dTuaisceart Éireann.

**Sprioc CM3:** Tuiscint ó na foinsí.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

Tagairt teoranta bheacht d’Fhoinse A gan aon fhorbairt **[1]**

Tagairt bheacht d’Fhoinse A le forbairt **[2]**

Na critéir a chur i bhfeidhm d’aon fháth ar bith

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Luaitear i bhFoinse A ‘ba é na Caitlicigh siúd agus na Caitlicigh seo, tús agus deireadh fheachtas na gcearta sibhialta.’ Bhí cuid de na Protastúnaigh den bharúil nach raibh ar aird fheachtas na gcearta sibhialta ach riachtanais na gCaitliceach
- Luaitear i bhFoinse A ‘Cad é fá dtaobh dínne? Agus an taisleach ar na ballaí againn.’ Bhí droch-choinníollacha maireachtála ag cuid de na Protastúnaigh fosta ach ba chuma le feachtas na gcearta sibhialta faoi chomhionannas do chách – ach do Chaitlicigh amháin

Aon phointe eile bailí

[2]

2

### 2 Déan staidéar ar Fhoinse B

**Ag baint úsáid as Foinse B agus as d’eolas comhthéacsúil**, tabhair **dhá** fháth a mhíníonn cad chuige ar chreid cuid de na Caitlicigh go gcaithfeadh siad dul i mbun feachtas le cearta sibhialta a fháil i dTuaisceart Éireann.

**Sprioc CM3:** Tuiscint ó na foinsí.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

Tagairt teoranta bheacht d’Fhoinse B gan aon fhorbairt **[1]**

Tagairt bheacht d’Fhoinse B le forbairt **[2]**

Na critéir a chur i bhfeidhm do **dhá** fháth ar bith

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Luaitear i bhFoinse B gur chreid cuid de na daoine go raibh an rialtas aontachtach ag cur coisc ar Chaitlicigh vótáil i gceantair ina raibh tromlach Caitliceach, rud a chiallaigh nach raibh guth polaitiúil ar bith ag Caitlicigh
- Luaitear i bhFoinse B gur chreid cuid de na daoine go raibh an rialtas aontachtach ag déanamh leithcheala ar Chaitlicigh trí chosc a chur orthu poist a fháil. Chiallaigh seo go raibh ráta níos airde dífhostaíochta i measc Caitliceach agus caighdeán níos ísle maireachtála acu
- Luaitear i bhFoinse B gur chreid cuid de na daoine go raibh aontachtaithe ag déanamh leithcheala ar Chaitlicigh trí chosc a chur orthu tithe comhairle a fháil, rud a chiallaigh nach dtiocfadh le Caitlicigh vótáil i dtoghcháin áitiúla

Aon phointe eile bailí

[4]

4

- 3** Cad é chomh **húsáideach** agus atá **Foinse C** ag staraí atá ag déanamh staidéar ar fhreagairtí an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí?

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinse C agus as d'eolas comhthéacsúil.**

**Spríoc CM3:** anailís agus luacháil ar thairbhe an fhoinsé le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

**Leibhéal 1 ([1])**

Tairgfidh freagraí ar an leibhéal seo cuntas doiléir, ginearálta ar ábhar Foinse C agus/nó go díreach eolas a bhaint as an fhoinsé ach gan breithiúnas ar thairbhe Foinse C a thabhairt.

**Leibhéal 2 ([2]–[3])**

Pléifidh freagraí ar an leibhéal seo fóntas Foinse C i leith freagairtí éagsúla an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí a mhíniú. Féadfaidh iarrthóirí a chur in iúl gur bunfhoinsé Foinse C agus an fiúntas a bhaineann leis sin a phlé. Féadfaidh sé go dtosóidh siad ag tabhairt barúlacha ar údarhacht, gur ráiteas ón Phríomh-Aire an fhoinsé seo; na fáthanna ar táirgeadh an fhoinsé seo agus an dóigh a dtéann seo i bhfeidhm ar a thairbhe. Baintear úsáid ar eolas áirithe comhthéacsúil le tacú le ráitis ar thairbhe Foinse C.

**Leibhéal 3 ([4]–[5])**

Déanfaidh freagraí ar an leibhéal seo anailís iomlán ar thairbhe Foinse C. Bainfidh iarrthóirí úsáid as ábhar na foinse agus as a n-eolas comhthéacsúil féin le breithiúnas réasúnaithe a dhéanamh ar thairbhe Foinse C agus míniú á thabhairt ar fhreagairtí éagsúla an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí.

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Tá an fhoinse úsáideach agus freagairtí an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí á bplé nó is bunfhoinse í ón Phríomh-Aire, O'Neill. Tugann sé dearcadh aigesean ar chontúirtí an teannais san am
- Tá an fhoinse úsáideach cionn is go ligeann sé don staraí barúlacha O'Neill a fheiceáil agus cuireann sé in iúl an mothú frustrachais a bhí air leis na máirseálacha ar an dá thaobh
- Tá an fhoinse úsáideach mar gur foilsíodh i nuachtán réigiúnach é, áit a raibh teacht ag an phobal ar achainí an Phríomh-Aire go raibh an t-am ann le machnamh a dhéanamh agus stad den fhoréigean
- Ina dhiaidh sin, ní chuireann an fhoinse in iúl dúinn cad é ba chúis leis an ráiteas ná cad é mar a d'fhreagair an rialtas do na máirseálacha, m.sh. Coimisiún Cameron. Ní léiríonn an fhoinse ach barúil amháin san am; ní thugann sé an tuairim náisiúnach ná an tuairim aontachtach, rud a laghdaíonn a thairbhe

Aon phointe eile bailí

[5]

5

- 4** Cad é chomh **hiontaofa** agus atá **Foinse C** ag staraí atá ag déanamh staidéar ar fhreagairtí an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí?

Mínigh do fhreagra, **ag baint úsáid as Foinse C agus as d'eolas comhthéacsúil.**

**Sprioc CM3:** anailís agus luacháil ar iontaofacht na foinse le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é **[0]**

**Leibhéal 1 ([1])**

Tairgfidh freagraí ar an leibhéal seo cuntas doiléir, ginearálta ar ábhar Foinse C agus/nó go díreach eolas a bhaint as an fhoinse ach gan breithiúnas ar iontaofacht Foinse C a thabhairt.

**Leibhéal 2 ([2]–[4])**

Pléifidh freagraí ar an leibhéal seo iontaofacht Foinse C. Féadfaidh freagraí a rá gur cuid de ráiteas poiblí ón Phríomh-Aire seo agus gur féidir leis seo dul i bhfeidhm ar a iontaofacht. Féadfaidh iarrthóirí feasacht áirithe ar chlaontacht a léiriú agus labhairt ar an dóigh a dtiocfadh leis seo dul i bhfeidhm ar a iontaofacht. Baintear úsáid as eolas áirithe comhthéacsúil le tacú le ráitis ar iontaofacht Foinse C.

**Leibhéal 3 ([5]–[6])**

Déanfaidh freagraí ar an leibhéal seo anailís iomlán ar iontaofacht Foinse C. Bainfidh iarrthóirí úsáid as ábhar na foinse agus as a n-eolas comhthéacsúil féin le breithiúnas réasúnaithe a dhéanamh ar iontaofacht Foinse C agus míniú á thabhairt ar fhreagairtí éagsúla an rialtais i dTuaisceart Éireann ar fheachtas na gcearta sibhialta sna 1960idí.

## Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:

MARCANNA  
AR FAIL

- Dáta na foinse: bunfhoinsé, ba dhearcadh ón am é agus léiríonn sé tuairimí an Phríomh-Aire agus é ag freagairt d'imeachtaí Burntollet
- Údar an fhoinsé: tá a fhios againn gur eisigh O'Neill an ráiteas seo an lá sular mhachnaigh sé ar imeachtaí ó 1 Eanáir 1969. Tá sé ag agairt síochána agus léiríonn an fhoinsé mothú práinne agus imní
- An cineál foinse: ó tharla gur ráiteas é is dócha é a bheith deartha le rud a chur ina luí ar an phobal agus féadfaidh seo an fáth ar foilsíodh i nuachtán réigiúnach é a mhíniú.
- Ceannfháth: is léir go bhfuil O'Neill ag agairt síochána, i bhfianaise na n-eachtraí a tharla i ndiaidh máirseáil cheithre lá de chuid Daonlathas an Phobail (DP) ó Bhéal Feirste trasna Thuaisceart Éireann go Doire
- Féadfaidh iarrthóirí an bhreith a dhéanamh go bhfuil an fhoinsé seo iontaofa cionn is gur tuairim O'Neill é. Féadfaidh daoine eile a bheith den bharúil go bhfuil an ráiteas seo neamhiontaofa ar an ábhar go bhfuil O'Neill ag labhairt ar son rialtas Thuaisceart Éireann

Aon phointe eile bailí [6]

6

- 5 (a) Ainmnigh ceannaire Pháirtí Shóisialta agus Dhaonlathaigh an Lucht Oibre (*SDLP*) i dTuaisceart Éireann sna 1980idí.

**Sprioc CM1:** eolas a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi.

John Hume [1]

Marc **amháin** don fhreagra cheart. Bronntar [0] má tá an freagra mícheart

- (b) Tabhair fáth **amháin** ar tháinig Arm na Breataine go sráideanna Thuaisceart Éireann in 1969.

**Sprioc CM1:** eolas a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi.

Aon fháth **amháin**:

- Bhí imní rialtas na Breataine ag méadú faoi éagumas Stormont riail agus reacht a chaomhnú
- Thosaigh foréigean i mBéal Feirste i mí Iúil 1969, dó tithe ag Dílseoirí den chuid is mó. Leathnaigh an foréigean go Doire ansin
- Tharla foréigean ag mórshiúl de chuid na bPrintíseach a d'fhág 7 marbh agus 100 gortaithe. Mhair foréigean idir an CRU (*RUC*) agus náisiúnaithe i nDoire suas le 50 uair an chloig agus tugadh Cath Thaobh an Bhogaidh ar an eachtra.

Aon phointe eile bailí [1]

(c) Luaigh iarmhairt **amháin** ar imtheorannú a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann in 1971.

**Spríoc CM1:** eolas a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi

Aon cheann **amháin** de na nithe seo a leanas:

- Mhéadaigh ballraíocht Óglaigh na hÉireann
- Mheath an caidreamh idir Náisiúnaithe agus arm na Breataine
- Fuair 143 duine bás san fhoréigean a bhí mar thoradh ar imtheorannú a thabhairt isteach
- Bhí máirseálacha ann ag éileamh cearta sibhialta

Aon phointe eile bailí [1]

(d) Cuir síos ar fháth **amháin** ar chuir aontachtaithe in éadan Chomhaontú Angla-Éireannach 1985.

**Spríoc CM1:** eolas a léiriú ar eochairghnéithe agus eochairthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é [0]

In ann fáth **amháin** a shainaithint le cur síos teoranta [1]  
Mar shampla, mhothaigh Aontachtaithe gur coinníodh amach ón idirbheartaíocht iad agus chuir siad in éadan an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh

In ann fáth **amháin** a shainaithint le cur síos mionsonraithe [2]  
Mar shampla, chuir Aontachtaithe in éadan an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh cionn is gur mhothaigh siad go raibh siad tréigthe ag rialtas na Breataine agus gur coinníodh amach ón idirbheartaíocht roimh shíniú an chomhaontaithe iad, ach san am chéanna, ba chosúil go ndeachthas i gcomhairle leis an SDLP, an páirtí náisiúnach

Aon phointe eile bailí [2]

5

6 Míniú **dhá cheann** de na níthe seo a leanas:

- A Na fáthanna ar thit Stormont agus ar tugadh Riail Dhíreach isteach in 1972
- B Éifeachtaí Stailc Chomhairle Oibrithe Uladh in 1974
- C Na freagairtí éagsúla ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998

**Spríoc CM1 agus CM2:** eolas agus tuiscint a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu, ag baint úsáid as coincheapa staire den dara hord: suntas/ iarmhairt/difear/cúisíocht

**Marcáil gach páirt den fhreagra ar leithligh (2 × [9])**

**Leibhéal 1 ([1]–[3])**

Beidh na freagraí doiléir, ginearálaithe ag léiriú eolais agus tuisceana teoranta ar an imeacht/saincheist a roghnaíodh.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

**Leibhéal 2 ([4]–[6])**

Cuimseoidh freagraí eolas ábhartha ag léiriú eolais agus tuisceana áirithe ar an tréimhse. Tugtar míniú a léiríonn iarracht anailís a dhéanamh ar thábhacht an imeachta/na saincheiste a roghnaíodh.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

**Leibhéal 3 ([7]–[9])**

Cuirfidh freagraí eolas níos mionsonraithe, ábhartha ar fáil a léiríonn eolas agus tuiscint mhaith ar an tréimhse. Tugtar míniú forbartha a léiríonn anailís ar thábhacht an imeachta/na saincheiste a roghnaíodh.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:****Na fáthanna ar thit Stormont agus ar tugadh Riail Dhíreach isteach sa bhliain 1972**

- An méadú i bhforéigean na nDílseoirí lena n-áirítear bunú Chumann Cosanta Uladh (*UDA*) agus ballraíocht mhéadaithe Óglaigh Uladh (*UVF*). Chuir seo an chuma ar an scéal go raibh easpa smachta ann ó thaobh an rialtais
- Bhí neamhsheasmhacht arís ann mar thoradh ar theipeanna póilíneachta agus míleata rialtas Stormont ar nós Domhnach na Fola
- Baghcat Stormont ag náisiúnaithe i ndiaidh imtheorannú a bheith tugtha isteach
- D'éiligh Brian Faulkner an chumhacht leis an CRU (*RUC*) a atharmáil agus na B-Speisialtaigh a athbhunú, ach ina áit sin, d'fhreagair an rialtas Coimeádach le héileamh smacht a bheith acu féin ar riail agus reacht
- D'fhreagair an rialtas Aontachtach le holléirí as agus, mar gheall air seo, chuir an Príomh-Aire Heath Stormont ar fionraí agus thug Riail Dhíreach isteach

Aon phointe eile bailí



## Éifeachtaí Stailc Chomhairle Oibrithe Uladh sa bhliain 1974

MARCANNA  
AR FAIL

- Druideadh tionscail, bhí lándorchú rialta leictreachais ann, bhí smacht dian ar sholáthar breosla agus bhí bloic bhóthair ar fud Thuaisceart Éireann
- Dhiúltaigh saighdiúirí Briotanacha cur isteach ar an stailc, ag rá gur gníomh polaitiúil a bhí ann seachas sceimhlitheoireachta, cé gur iompair siad breosla i gcomhair príomhsheirbhísí i ndeireadh na dála
- I ngan fhios dó féin, mhéadaigh Príomh-Aire na Breataine gnaoi na n-aontachtaithe ar an stailc nuair a cháin sé an stailc agus thug “súmairí” orthu siúd a bhí a heagrú
- Dhiúltaigh an *SDLP* agus na Briotanaigh idirbheartaíocht a dhéanamh leis na stailceoirí, ainneoin go raibh an tír ina stad. D'éirigh an Príomhfheidhmeannach, Brian Faulkner, agus aontachtaithe eile as an tionól agus bhí deireadh le cumhachtroinnt
- Ba chiontach an tacaíocht mhéadaitheach ar son stailc COU agus an tionchar a bhí aici ar fud na proibhinse le titim an tionóil chumhachtroinnte

Aon phointe eile bailí

## Na freagairtí éagsúla ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998

- Taobh istigh de Pháirtí Aontachtach Uladh, fuair David Trimble tacaíocht as glacadh le Comhaontú Aoine an Chéasta. Ach d'fhág 6 MP an páirtí mar agóid agus chuaigh sa Pháirtí Aontachtach Dhaonlathach (*DUP*) agus i bPáirtí Aontachtach na Ríochta Aontaithe (*UKUP*) san fheachtas in éadan an chomhaontaithe
- Níor chreid cuid de na hAontachtaithe gur chóir go mbeadh cead ag Sinn Féin a bheith sa rialtas go dtí go raibh díchoimisiúnú iomlán déanta ag Óglaigh na hÉireann. Ba mhór a chuir David Trimble é féin fá mhuintín Dé nuair a rinne sé an comhréiteach a ligfeadh don díchoimisiúnú tarlú de réir a chéile
- Chuir ceannairí Pháirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (*SDLP*) agus Shinn Féin fáilte roimh an chomhaontú
- Dúirt ceannaire an *DUP*, Ian Paisley, go raibh sé “níos fealltaí” ná Comhaontú Sunningdale agus ghlac sé páirt san fheachtas ‘NÍ hEA’ don reifreann
- Bhí toradh an reifrinn thar na bearta ar son an Chomhaontaithe: vótáil 71.2% de phobal Thuaisceart Éireann agus 94.39% de phobal Phoblacht na hÉireann ‘Sea’ le glacadh leis an Chomhaontú
- Chuir aontachtaithe dochta, amhail an *DUP*, in éadan na gcomhlachtaí rialtais Thuaidh/Theas a ligfeadh do Phoblacht na hÉireann cead cainte a bheith acu faoin dóigh a réachtálfai Tuaisceart Éireann
- Leanadh d'fhoréigean na ndílseoirí i ndiaidh shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta

Aon phointe eile bailí

[18]

18

**Iomlán**

**80**





*Rewarding Learning*

**General Certificate of Secondary Education  
2019**

---

## **Stair**

Aonad 2: Staidéar Imlíne

**[CÓD]**

**PÁIPÉAR SAMPLACH**

---

**SCÉIM MHARCÁLA**

Tá na mionsonraí sa Scéim Mharcála mar **threoir don scrúdaitheoir** agus níltear ag súil go gcumhdóidh iarrthóirí **gach** pointe a mholtar.

- 1 Cad é a chuireann **Foinse A** in iúl dúinn faoi fhreagairt SAM ar ionsaithe 11 Meán Fómhair?

**Spríoc CM3:** Anailís ar na foinsí.

Bronn **[0]** ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é

**Leibhéal 1 ([1])**

Cuimseoidh freagraí ar an leibhéal seo eolas a baineadh as Foinse A nó eolas as Foinse A ar cuireadh athleagan air.

**Leibhéal 2 ([2]–[3])**

Tosóidh freagraí ar an leibhéal seo ag déanamh anailís ar ábhar Foinse A agus bainfidh siad úsáid áirithe as le freagairt SAM ar ionsaithe 11 Meán Fómhair a léiriú. Mar shampla, cuireann Foinse A in iúl dúinn gur thug SAM freagairt láidir ar na hionsaithe agus d'fhéach siad le deireadh a chur le bagairt na hlaráice.

**Leibhéal 3 ([4])**

Déanfaidh freagraí ar an leibhéal seo anailís iomlán ar ábhar Foinse A le freagairt SAM ar ionsaithe 11 Meán Fómhair a léiriú. Mar shampla, cuireann Foinse A in iúl dúinn gur “phríomhfhath ar ionsaíodh an Iaráic” ionsaithe 11 Meán Fómhair, nó chuir SAM an locht ar Saddam Hussein as na hionsaithe ar SAM. Ba é freagairt SAM “cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta” a thosú in éadan na hIaráice. Rinne Uachtarán Mheiriceá cás gur léirigh 11 Meán Fómhair naisc shoiléire idir an Iaráic agus Al-Qaeda agus gurbh fháth seo arbh éigean do SAM freagairt le deireadh a chur leis an bhagairt mharfach ón Iaráic.

Aon phointe eile bailí [4]

4

- 2 (a) Tugann **Foinse B agus Foinse C** dearcthaí éagsúla faoi na fáthanna le hionradh SAM ar an Iaráic sa bhliain 2003.

Mínigh **dhá** dhóigh ar a n-easaontaíonn na dearcthaí seo.

**Spríoc CM4:** Anailís ar na léirmhínte.

Bronn **[0]** ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

Bronn **[1]** as difear bailí idir Foinse B agus Foinse C a shainnithint

Bronn **[2]** as difear bailí ó Foinse B agus ó Foinse C a shainnithint le fianaise tacaíochta

Na critéir thuas a chur i bhfeidhm do **gach** dóigh

Aon **dhá** dhóigh:

- Is ó pholaiteoir Meiriceánach Foinse B, a chreid faisnéis shaineolaithe faisnéise ‘go raibh airm cheimiceacha ag na

hlarácaigh ina seilbh.’ Ní luaitear seo ná ní léirítear i bhFoinse C é. Chreid rialtas na SA na tuarascálacha cigireachta ó na Náisiúin Aontaithe

- Díríonn Foinse B ar an bhgairt ó na hlarácaigh Tugann Foinse B le tuiscint go mbagródh na hlarácaigh ar an domhan trí úsáid a bhaint as airm cheimiceacha ‘inár n-éadan agus in éadan a muintire féin;’ ní luaitear seo i bhFoinse C
- Tá dearcadh eile i bhFoinse C agus tugtar le tuiscint go ndearna na SA ionradh ar an Iaráic ar mhaithe lena hola. Ní luaitear seo i bhFoinse B

Aon phointe eile bailí [4]  
(2 × [2])

**(b) Míniú fáth amháin a bhfuil difear idir na dearcthaí i bhFoinse B agus i bhFoinse C.**

**Sprioc CM4:** Anailís ar na léirmhínte.

Gan ábhar ar bith ar fiú luach saothair é [0]

Bronn [1] as fáth bailí a shainaithear a bhfuil difear idir na dearcthaí i bhFoinse B agus i bhFoinse C.

Mar shampla, tá difear idir na dearcthaí i bhFoinse B agus i bhFoinse C ar an ábhar gur daoine éagsúla a scríobh iad.

Bronn [2] as fáth bailí a shainaithear a bhfuil difear idir na dearcthaí i bhFoinse B agus i bhFoinse C le fianaise tacaíochta.

Mar shampla, tá difear idir na foinsí ar an ábhar gur léirmhínte éagsúla iad ar na fáthanna a ndearna SAM ionradh ar an Iaráic. Is ó chartúnaí Foinse C; tá sé in éadan cogaidh agus maíonn sé gur santú ola SAM ba chúis leis an ionradh. Is dearcadh polaiteora Mheiriceánaigh Foinse B; cosnaíonn sé cinneadh a thír ionradh a dhéanamh, bunaithe ar thuarascálacha faisnéise

Aon phointe eile bailí [2]

6

**3** Cad é chomh hinchreidte agus atá an dearcadh i bhFoinse D ar na fáthanna le hionradh na Breataine ar an Iaráic sa bhliain 2003?

Míniú do fhreagra ag baint úsáid as **Foinse D agus as d’eolas comhthéacsúil.**

**Sprioc CM4:** Anailís agus luacháil a dhéanamh ar na léirmhínte agus breithiúnais a bhfuil bunús leo a dhéanamh orthu.

Bronn [0] ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

**Leibhéal 1 ([1]–[2])**

Léireoidh freagraí ar an leibhéal seo freagairt teoranta nach ndíreoidh ach ar ábhar Foinse D. Is beag iarracht a dhéanfar aghaidh a thabhairt ar na fáthanna le hionradh na Breataine ar an Iaráic sa bhliain 2003.

Féadfaidh iarrthóirí go díreach eolas a bhaint as Foinse D a thugann breac-chuntas ar dhearcadh amháin ar na fáthanna le hionradh na hIaráice.

### **Leibhéal 2 ([3]–[5])**

Léireoidh freagraí ar an leibhéal seo eolas agus tuiscint teoranta ar an dearcadh i bhFoinse D agus ceisteoidh siad é. Féadfaidh iarrthóirí tagairt don dearcadh gurbh é an príomhfháth le hionradh na Breataine fáil réitithe de Saddam Hussein agus féadfaidh siad iarracht a thabhairt ar bhreithiúnas a dhéanamh. Is féidir le hiarrthóirí an marc is airde sa leibhéal seo a bhaint amach má fhéachann siad le hanailís a dhéanamh ar Fhoinse D agus úsáid a bhaint as agus as eolas áirithe comhthéacsúil le teacht ar bhreithiúnas teoranta faoi chomh hinchreidte agus a mheasann siad an dearcadh a bheith.

### **Leibhéal 3 ([6]–[8])**

Léireoidh freagraí ar an leibhéal seo tuiscint shoiléir ar an dearcadh i bhFoinse D ar na fáthanna le hionradh na Breataine ar an Iaráic. Ag barr an leibhéil seo, bainfidh iarrthóirí úsáid as a n-eolas comhthéacsúil le hanailís shoiléir a dhéanamh agus míniú soiléir a thabhairt ar chomh hinchreidte agus a mheasann siad an dearcadh a bheith. Tiocfar ar bhreithiúnas a bhfuil bunús leis, bunaithe ar eolas comhthéacsúil agus ar thuiscint.

### **Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Maíonn Tony Blair i bhFoinse D ‘is deacair liom leithscéal a ghabháil as fáil réitithe de Saddam Hussein’ agus tá an chuma air gur dearcadh inchreidte é nó tá sé ag seasamh lena ghníomhartha 12 bhliain níos faide ar aghaidh
- Maíonn Tony Blair i bhFoinse D ‘Inniu féin, sa bhliain 2015, sílim gur fearr nach bhfuil sé i gcumhacht.’ Is é seo a dhearcadh ach féadfaidh sé gan a bheith inchreidte nó tá sé ag iarraidh a ghníomhartha mar Phríomh-Aire sa bhliain 2003 a chosaint
- Mhínigh Tony Blair i bhFoinse D gurbh é an fáth a ndearna an Bhreatain ionradh ar an Iaráic “gur bhain Saddam Hussein úsáid as airm cheimiceacha in éadan a mhuintire féin agus in éadan daoine eile” agus go raibh seo bunaithe ar shainfhaisnéis
- Ach, féadfaidh sé nach bhfuil an dearcadh seo inchreidte mar thacaigh Tony Blair leis an Uachtarán Bush, a chreid go raibh airm ollscriosta ag Saddam Hussein, cé go nglacann sé leis anois nach raibh seo amhlaidh
- Dúirt cigirí arm na NA go raibh méideanna ollmhóra nimheanna ceimiceacha agus nimheanna bitheolaíocha san Iaráic ach fuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh seo bréagach.

Aon phointe eile bailí

[8]

8

- 4 Cad é chomh mór agus a aontaíonn tú leis an dearcadh i **bhFoinse D** “gur chuid dár gcogadh in éadan na sceimhlitheoireachta” ionradh na hIarlaíce sa bhliain 2003?

I do fhreagra, **caithfidh** tú úsáid a bhaint as **Foinsí B, C agus D agus as eolas de do chuid féin**.

**Spríoc CM1, CM2 agus CM4:** Eolas agus tuiscint ar na heochairghnéithe a léiriú; imeachtaí agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu, ag baint úsáid as coincheapa staire den dara hord: cúisíocht; anailís agus luacháil a dhéanamh ar na léirmhínte.

Bronn **[0]** ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

### **Leibhéal 1 ([1]–[4])**

Tairgfídh freagraí cuntas doiléir, ginearálta ar ábhar Foinsí B, C agus D. Is beag iarracht a dhéanfar díriú ar an cheist agus ní dhéanfar ach anailís teoranta ar fhoinsé nó dhó. Is beag iarracht a dhéanfar díriú ar an dearcadh i bhFoinse D ná ar na dearcthaí i bhFoinsí B agus C. Beidh méid teoranta d’eolas an iarrthóra féin ann, sin nó ní bheidh eolas ar bith de chuid an iarrthóra ann le tacú leis an fhreagra agus ní thabharfar breithiúnas ar bith nó beidh an breithiúnas gan bhunús.

### **Leibhéal 2 ([5]–[8])**

Tosóidh freagraí ag baint úsáid as ábhar Foinsí B, C agus D agus cuirfidh siad síos agus déanfaidh siad anailís ar na dearcthaí a tugadh i mbeirt de na foinsí ar a laghad. Beidh méid teoranta d’eolas an iarrthóra féin ann. Déanfar iarracht díriú ar an dearcadh i bhFoinse D gur “chuid dár gcogadh in éadan na sceimhlitheoireachta” an fáth a bhí le hionradh na hIarlaíce sa bhliain 2003. Tabharfar breithiúnas teoranta.

### **Leibhéal 3 ([9]–[12])**

Léireoidh freagraí ar an leibhéal seo tuiscint ar na dearcthaí éagsúla a tugadh i bhFoinsí B, C agus D. Tosóidh iarrthóirí ag míniú an dearcadh i bhFoinse D gur “chuid dár gcogadh in éadan na sceimhlitheoireachta” an fáth a bhí le hionradh na hIarlaíce sa bhliain 2003. Cuimseoidh siad cuid dá n-eolas féin le tacú lena bhfreagra agus pléifidh siad a thuilleadh na fáthanna atá leis na dearcthaí éagsúla ar an chinneadh ionradh a dhéanamh ar an Iarlaíce sa bhliain 2003. Is féidir le freagraí den chineál seo barr an leibhéil seo a bhaint amach. Tabharfar breithiúnas forbartha.

### **Leibhéal 4 ([13]–[16])**

Léireoidh freagraí ar an leibhéal seo tuiscint shoiléir ar na dearcthaí éagsúla i bhFoinsí B, C agus D agus tairgfídh siad léirmhínte bailí orthu. Déanfaidh iarrthóirí ag barr an leibhéil seo breithiúnas a bhfuil bunús leis bunaithe ar a n-eolas agus ar a dtuiscint féin.

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

- Is é Foinse D dearcadh an Phríomh-Aire Tony Blair, a dúirt gurbh fháth amháin leis an ionradh cionn is gur chuid den chogadh in

éadan na sceimhlitheoireachta é. Ina dhiaidh sin, chreid sé fosta an dearcadh a bhí acu siúd a dúirt gur bhain Saddam Hussein úsáid as airm cheimiceacha in éadan a mhuintire féin. Tugann sé le tuiscint gur phríomhfháth leis an ionradh fáil réitithe de Saddam Hussein agus déanann sé cas 'inniu féin, sa bhliain 2015, go sílim gur fearr nach bhfuil sé i gcumhacht.' Mar Phríomh-Aire, d'fhéach Tony Blair le cur ina luí ar mhuintir na Breataine go raibh airm ollscriosta ag Saddam Hussein agus gurbh é seo an príomhfháth leis an ionradh.

- Tairgeann Foinse C dearcadh eile ar an fháth leis an chogadh san Iaráic. Chreid daoine áirithe, a bhí in éadan an chogaidh, gur mhian leis an Uachtarán Bush ionradh a dhéanamh ar an Iaráic ar mhaithe lena hola agus go raibh na fáthanna eile a tugadh leis an ionradh bréagach. Chreid cuid de na daoine gurbh í ola ón Iaráic an sprioc a bhí ag comhlachtaí móra SAM. Rinne an tUachtarán Bush an cas gur chuir ola an t-airgead ar fáil do Saddam Hussein a bhí riachtanach aige le dul ar aghaidh ag tógáil iaróige sa Mheánoirthear.
- Is dearcadh polaiteora Mheiriceánaigh a bhí i bhfách le hionradh na hIaráice Foinse B. Míníonn sé gurbh é an fáth a bhí leis an ionradh gur 'Chreid cuid mhór saineolaithe faisnéise go raibh airm cheimiceacha ag na hIarácaigh.' Bhí an eagla ann go mbainfeadh Saddam Hussein úsáid astu seo in éadan SAM. Rinne daoine eile an cas go raibh airm ollscriosta ag Saddam Hussein agus bheadh seo ag tacú leis an dearcadh i bhFoinse D. Bhí an chuma ar an scéal go raibh neart fianaise ag cigirí arm na Náisiún Aontaithe le tacú leis an dearcadh seo.

Aon phointe eile bailí

[16]

16

5 Cuir síos ar **dhá** thoradh ar Ghéarchéim Dhiúracán Chúba.

**Sprioc CM1:** Eolas agus tuiscint a léiriú ar na heochairghnéithe.

Bronn **[0]** ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

In ann toradh amháin a shainaithint le cur síos teoranta **[1]**

Mar shampla, d'éirigh an caidreamh idir APSS agus SAM níos fearr mar gheall ar Ghéarchéim Diúracáin Chúba

In ann toradh amháin a shainaithint le cur síos mionsonraithe **[2]**

Mar shampla, d'éirigh an caidreamh idir APSS agus SAM níos fearr mar gheall ar Ghéarchéim Diúracáin Chúba agus réitigh sí an bealach do bhunú “beolíne” speisialta ghutháin ionas go dtiocfadh le ceannairí cumarsáid a dhéanamh go héasca i ngéarchéim ar bith sa todhchaí

Na critéir a chur i bhfeidhm ar gach toradh.

Aon phointe eile bailí  
(2 × [2])

[4]

4

6 (a) Cad é mar a d'fhreagair APSS do chur in éadan a chumhachta in Oirthear na hEorpa sna 1950idí agus sna 1960idí?

Bain úsáid as na teoracha seo a leanas i do fhreagra.

**Caithfidh** tú úsáid a bhaint as eolas de do chuid féin fosta.

- Éirí Amach na hUngaire, 1956
- Easaontais faoi Bheirlín, 1959 – 61
- An tSeicslóvaic, 1968 – ‘Earrach Phrág’

**Sprioc CM1 agus CM2:** Eolas agus tuiscint ar na heochairghnéithe a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu, ag baint úsáid as coincheapa staire den dara hord: cúisíocht/iarmhairt/suntas.

Bronn **[0]** ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

**Leibhéal 1 ([1]–[5])**

Féadfaidh sé nach mbainfidh freagraí ar an leibhéal seo úsáid ach as ceann amháin de na teoracha agus nach ndíreoidh siad ar an cheist, ag tairgeadh inste tuairisciúla amháin ina mbeidh míchruinneas.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna bunúsacha i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt.

Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### **Leibhéal 2 ([6]–[11])**

Bainfidh freagraí úsáid as beirt de na treoracha ar a laghad, le heasnaimh áirithe b'fhéidir, ach tairgfídh siad míniú níos eolaí agus anailís áirithe ar an dóigh ar fhreagair APSS do chur in éadan a chumhachta in Oirthear na hEorpa sna 1950idí agus sna 1960idí.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht den mhórchuid agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair ar dhóigh struchtúrtha de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### **Leibhéal 3 ([12]–[17])**

Bainfidh freagraí úsáid as na treoracha uilig agus cuimseoidh siad níos mó mionsonraí le míniú agus anailís shoiléir a chur ar fáil ar an dóigh ar fhreagair APSS do chur in éadan a chumhachta in Oirthear na hEorpa sna 1950idí agus sna 1960idí.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas den mhórchuid.

### **Leibhéal 4 ([18]–[22])**

Bainfidh freagraí úsáid as na treoracha uilig agus cuirfidh siad míniú soiléir, iomlán ar fáil ar an dóigh ar fhreagair APSS do chur in éadan a chumhachta in Oirthear na hEorpa sna 1950idí agus sna 1960idí. Díreofar an anailís ar an cheist, le mionsonraí beachta ar fud an fhreagra.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

### **Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:**

#### **Éirí Amach na hUngaire, 1956**

- Fuair Stalin bás sa bhliain 1953 agus faoin bhliain 1956 tháinig Khrushchev chun cinn mar cheannaire APSS. Sa bhliain 1956, cháin Khrushchev Stalin mar thíoránach ina Óráid Rúnda.
- D'éirigh corraíl i measc phobal na hUngaire i ndiaidh óráid Khrushchev. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 1956, bhí rialtas nua faoi cheannaireacht Imre Nagy i gceannas. Ba mhian le rialtas Nagy athchóiriú agus aistarraingt arm na Sóivéadach. Bhí sé beartaithe aige fosta tarraingt as Comhaontú Vársá agus tír neodrach a dhéanamh den Ungair sa Chogadh Fhuar.
- Ar 4 Samhain 1956, thrasnaigh 6,000 tanc Sóivéadach teorainn na hUngaire. Bhí troid nimhneach sráide ann agus maraíodh cuid mhór.
- Léirigh gníomhartha APSS san Ungair d'Oirthear na hEorpa,



agus don Iarthar lena chois, nach raibh i smaoiniamh Khrushchev de c mhaireacht il sh och anta ach focail, agus n  firinne.

### Easaontais faoi Bheirl n, 1959–61

- Le linn na 1950id  th inig feabhas ar an chaighde n maireacht la n os gasta san Iarthar n  san Oirthear agus ba i mBeirl n is soil ire a bh  an chodarsnacht le feice il. Idir na blianta 1949 agus 1961 theith os cionn 3 mhilli n teifeach   Oirthear na Gearm ine go hIarthar na Gearm ine. Bh  eagla ar an Aontas S iv adach go mbainfeadh imeacht seo daoine  ga, a bh  oilte den mh rchuid, an bonn de smacht na gCumannaithe in Oirthear na Gearm ine.
- Sa bhliain 1958, d’ iligh Khrushchev deireadh le smacht cheithre gcumhacht i mBeirl n agus thug s  teorainn ama sh  m . I Me n F mhair 1959, d irt Eisenhower go ng illfeadh s  ar roinnt ruda . I m  na Bealtaine 1960, bh  s  beartaithe ag an bheirt ceannaire casadh ar a ch ile i bP ras i gcomhair tuilleadh cainteanna ach leagadh eitle n spaireachta U2 de chuid na SA le l mhach agus mh adaigh an teannas. N or r itigh tuilleadh cruinnithe idir na S rchumhachta  sna blianta 1960 agus 1961 ceist Bheirl n.
- Ar 13 L nasa 1961, chuir saighdi ir  Oirthear na Gearm ine deireadh le gach saorghluaiseacht   Oirthear go hIarthar Bheirl n. Roimh i bhfad, bh  an chathair deighilte ag balla coinchr ite. D’ irigh an balla ina shiombail den deighilt idir an cumannachas agus an daonlathas a bh  ag croi an Chogaidh Fhuair

### An tSeicsl vaic, 1968 – ‘Earrach Phr g’

- I m  Ean ir 1968, rinneadh ceannaire ar ph irt  Cumannach na Seice d’Alexander Dub ek agus thoiligh s  leasuithe a thabhairt isteach a chuirfeadh ‘aghaidh dhaonna ar an tS isialachas’
- Leag Dub ek b im air go bhfanfadh an tSeicsl viac i gComhaont  V rs , ach n or leor deimhnithe le cosc a chur le hionradh S iv adach. Ar o che 20-21 L nasa, thuirling eitilt ‘turas ireachta’   APSS in aerfort Phr g. Ar bord, bh  52 feidhmeannach KGB, a ghlac seilbh ar an t r rial ch in ansin ionas go dtiocfadh leo cuidi  le rann in aerbheirthe d’fh rsa    th irtha de chuid Chomhaont  V rs  tuirlingt
- C  go raibh c ig bhall   Chomhaont  V rs  p irteach sa sc al, cuireadh bun s na dtr pa  agus na dtancanna ar f il ag APSS. San ioml n, bhog 400 000 tr pa isteach sa tSeicsl vaic
- Bhloc il an tAontas S iv adach st isi in radair ECAT in Iarthar na Gearm ine; mar sin de, th inig teacht l on chomh m r sin tr pa  aniar aduaidh ar gach duine. Chosain Brezhnev an t-ionradh in  r id ar tugadh ‘D nghaois Bhrezhnev’ uirthi ina dhiaidh sin agus inar dh irt s  go mbainfeadh APSS  s id as bealach ar bith leis an chumannachas agus Impireacht na S iv ide a chosaint

(b) Cad é mar a d'athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS sna blianta 1945–1956?

Bain úsáid as na teoracha seo a leanas i do fhreagra.

**Caithfidh** tú úsáid a bhaint as eolas de do chuid féin fosta.

- Teip an chomhaontais a bhí ann le linn an chogaidh
- Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–49
- Eachtraí sna 1950idí

**Sprioc CM1 agus CM2:** Eolas agus tuiscint ar na heochairghnéithe a léiriú a mhíneoidh agus a dhéanfaidh anailís ar imeachtaí agus ar thréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu, ag baint úsáid as coincheapa staire den dara hord: athrach/leanúnachas/suntas.

Bronn [0] ar ábhar ar bith nach fiú luach saothair é.

### **Leibhéal 1 ([1]–[5])**

Féadfaidh sé nach mbainfidh freagraí ar an leibhéal seo úsáid ach as ceann amháin de na teoracha agus nach ndíreoidh siad ar an cheist, ag tairgeadh inste tuairisciúla amháin ina mbeidh míchruinneas.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as réimse teoranta téarmaí staire agus léiríonn scileanna bunúsacha i dtaca le roghnú ábhair de, ach tá soiléire agus eagrú in easpa ar an fhreagairt. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas teoranta.

### **Leibhéal 2 ([6]–[11])**

Bainfidh freagraí úsáid as beirt de na teoracha ar a laghad, le heasnaimh áirithe b'fhéidir, ach tairgfídh siad míniú níos eolaí agus anailís áirithe ar an dóigh ar athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS sna blianta 1945 go 1956.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht den mhórchuid agus léiríonn scileanna áirithe i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair ar dhóigh struchtúrtha de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas áirithe.

### **Leibhéal 3 ([12]–[17])**

Bainfidh freagraí úsáid as na teoracha uilig agus cuimseoidh siad níos mó mionsonraí le míniú agus anailís shoiléir a chur ar fáil ar an dóigh ar athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS sna blianta 1945 go 1956.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl ag baint úsáid as téarmaí staire go beacht agus léiríonn scileanna i dtaca le roghnú agus eagrú ábhair de. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le beachte den mhórchuid.

**Leibhéal 4 ([18]–[22])**

Bainfidh freagraí úsáid as na treoracha uilig agus cuirfidh siad míniú soiléir, iomlán ar fáil ar an dóigh ar athraigh an caidreamh idir SAM agus APSS sna blianta 1945 go 1956. Díreofar an anailís ar an cheist, le mionsonraí beachta ar fud an fhreagra.

Cuireann an scríbhneoireacht smaointe in iúl go héifeachtach, ag baint úsáid as réimse téarmaí staire atá roghnaithe go cruinn agus eagraítear eolas go soiléir agus go comhleanúnach. Litríonn iarrthóirí, poncaíonn siad agus baineann siad úsáid as rialacha na gramadaí le cruinneas seasmhach.

**Féadfaidh freagraí cuid de na nithe seo a leanas a chuimsiú:****Teip an chomhaontais a bhí ann le linn an chogaidh**

- I mí Feabhra 1945 i Yalta, theip ar cheannairí na gComhghuaillithe teacht ar chomhaontú faoi thodhchaí na Gearmáine. Thángthas ar chomhréiteach i Potsdam i mí Iúil 1945, an Ghearmáin a roinnt ina ceithre shaincheantar. Roinneadh an phríomhchathair, Beirlín, a bhí i saincheantar APSS, ina cheithre limistéar fosta
- Gealladh do Stalin i Yalta go mbeadh Oirthear na hEorpa ina réimse tionchair agus gheall seisean go mbeadh toghcháin shaora ann i ndiaidh an chogaidh
- Bhí easaontas fosta ann faoi thodhchaí na Polainne. Bhí sé mar aidhm ag Comhghuaillithe an Iarthair neamspleáchas na Polainne a chur i bhfeidhm arís ach bhí rún daingean ag APSS go mbeadh sí i réimse tionchair na Sóivéide
- D'éirigh an caidreamh níos laige sa bhliain 1945 mar gheall ar easpa muiníne idir Truman, Uachtarán nua Mheiriceá, agus Stalin. Bhí Stalin amhrasach faoi cheannfháthanna SAM agus bhí sé míshásta nár roinn SAM a n-eolas ar fhionnachtain an bhuama adamhaigh

**Imshuí agus Aeraistriú Bheirlín, 1948–49**

- Ba mhian le APSS go n-íocfadh an Ghearmáin cúiteamh as damáiste agus as básanna sa Dara Cogadh Domhanda, siúd is gur mhaith le SAM geilleagar na Gearmáine a atógáil. Bhí eagla ar APSS go mb'fhéidir go mbeadh Gearmáin athbheoite ina bagairt ar a leasanna. Mhéadaigh an teannas sa bhliain 1948 mar gheall ar phlean de chuid an Iarthair athleasú airgeadra a thabhairt isteach.
- I mí Mheithimh 1948, dhruid Stalin gach bóthar agus gach nasc iarnróid idir Iarthar na Gearmáine agus Iarthar Bheirlín. D'amharc na Meiriceánaigh air seo mar thriail ar Dhúnghaois Truman agus bhí rún daingean acu cuidiú le Iarthar Bheirlín. Ba é Imshuí Bheirlín an chéad achrann oscailte idir SAM agus APSS sa Chogadh Fhuar.
- Bhí rún daingean ag SAM fanacht in Iarthar Bheirlín. Le tacaíocht na Breataine agus na Fraince, shocraigh siad ar bhia

agus ar bhreosla a sholáthar do phobal Iarthar Bheirlín. Mhair an t-aeraistriú 324 lá agus soláthraíodh suas le 13 000 tonna gach lá.

- Níor thug Stalin eitleáin na gComhghuaillithe go talamh mar níor mhaith leis go bhfeicfí é féin mar ionsaitheoir agus baol ionsaí núicléach a tharraingt air féin. D'aithin Stalin rún daingean SAM agus an Iarthair agus thóg sé an tImshuí i mí na Bealtaine 1949

### Eachtraí sna 1950idí

- Nuair a fuair Stalin bás sa bhliain 1953, bhí an chuma air go dtiocfadh feabhas ar an chaidreamh idir SAM agus APSS. Nuair a tháinig Khrushchev chun cinn i gcomharba ar Stalin sa bhliain 1956, ba chosúil go dtiocfadh sin i bhfeidhm. Labhair sé ar “chómhaireachtáil shíochánta” leis an Iarthar.
- Faoi na 1950idí malla, bhí meath ar an chaidreamh idir an dá stát mar thoradh ar shraith géarchéimeanna: Éirí Amach na hUngaire, an tArmrás agus an Spásrás.
- Bhí súil ag na rialtais in Oirthear na hEorpa go mbainfeadh siad tairbhe as an chur chuige nua seo. Ach níor fhéad Khrushchev ligean do stáit Oirthear na hEorpa bonn a bhaint den chumannachas. Thosaigh éirí amach in éadan APSS in Oirthear na Gearmáine sa bhliain 1953 agus sa Pholainn sa bhliain 1956
- Sa bhliain 1956, d'fhéach muintir na hUngaire le briseadh ar shiúl ó smacht na Sóivéide. Tháinig seo aniar aduaidh ar an Aontas Sóivéadach; ní raibh siad réidh don dúshlán seo dá n-údarás ná do bhagairt na hUngaire tarraingt siar as Comhaontú Vársá, a bunaíodh sa bhliain 1955 mar fhreagairt na Sóivéide ar ECAT. Níor fhéad Khrushchev ligean dó seo titim amach agus ghníomhaigh sé le deireadh a chur leis an éirí amach. Rinne APSS ionradh ar an Ungair i mí na Samhna 1956

Aon phointe eile bailí

[22]

22

**Iomlán**

**60**

